Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12467/1/23
REV 1

LIMITE

SCH-EVAL 175
SCHENGEN 40
COMIX 381

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Mheitheal um Ábhair Schengen / An Coiste Measctha (An tAontas Eorpach-an Íoslainn/an Iorua/an Eilvéis/Lichtinstéin) |
| Ábhar: | Rialachas Schengen - timthriall Chomhairle Schengen 2023/2024 curtha i ngníomh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, leagan athbhreithnithe den nóta ón Uachtaránacht maidir le Rialachas Schengen, tar éis an phlé a rinneadh ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Ábhair Schengen an 6 Meán Fómhair 2023, agus tar éis na mbarúlacha a thug na toscaireachtaí ina dhiaidh sin.

PUBLIC

**NÓTA ÓN UACHTARÁNACHT MAIDIR LE RIALACHAS SCHENGEN –**

**TIMTHRIALL CHOMHAIRLE SCHENGEN 2023/2024 CURTHA I nGNÍOMH**

Tá dhá cholún ag teastáil chun rialachas éifeachtach Schengen a bhaint amach: ollstruchtúr éifeachtach um stiúradh polaitiúil (Comhairle Schengen agus an obair ullmhúcháin a dhéanann sí tríd an Meitheal um Ábhair Schengen) agus pleanáil bhliantúil iomchuí (timthriall Chomhairle Schengen a d'fhormheas an Chomhairle in 2022[1]).

I mí an Mheithimh 2023, i bhfianaise thuarascáil 2023 ar staid Schengen, d'fhormhuinigh Comhairle Schengen sraith tosaíochtaí don dara timthriall de Chomhairle Schengen 2023-2024, lena n-áirítear comhdhlúthú ar rialachas limistéar Schengen[2].

Mar obair leantach, d'eagraigh Uachtaránacht na Spáinne plé tosaigh i ndáil leis an tosaíocht maidir le rialachas ag an gcruinniú den Mheitheal um Ábhair Schengen an 6 Iúil 2023. Tar éis cur i láthair ón gCoimisiún maidir le huirlisí éagsúla Schengen agus díospóireacht i measc na dtoscaireachtaí, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir lena thábhachtaí atá sé bealach chun cinn a aimsiú chun ról na Meithle a chomhdhlúthú agus chun an timthriall a chur i ngníomh.

Ar an mbonn sin, thíolaic an Uachtaránacht nóta ina bpléitear an modh oibre i ndáil le Comhairle Schengen a ullmhú tríd an Meitheal um Ábhair Schengen agus ina moltar plean oibre do thimthriall reatha Comhairle Schengen. Forbraíodh an doiciméad i gcomhairle le huachtaránacht inteachta na Beilge agus phléigh an Mheitheal um Ábhair Schengen é an 6 Meán Fómhair 2023. Bhí deas ag na toscaireachtaí a mbarúlacha i scríbhinn a chur isteach freisin.

[1] 12522/22.
[2] 10059/23.

## *I.* **Tosaíocht *rialachais* Chomhairle Schengen a chur i ngníomh — *modh oibre don Mheitheal um Ábhair Schengen***

I mí an Mheithimh 2023, d'athdhearbhaigh Comhairle Schengen go raibh intuarthacht sa phróiseas tábhachtach chun stiúradh polaitiúil éifeachtach a áirithiú, agus go gcuirfidh pléití dea-ullmhaithe leis an tuiscint ar na saincheisteanna, rud a chuirfidh le hiontaoibh fhrithpháirteach. Sainaithníodh gur gá Comhairle Schengen a chomhdhlúthú trína próiseas ullmhúcháin a chuíchóiriú agus a réamh-mheas i gcomhlachtaí na Comhairle.

I ndáil leis an méid sin, is gá obair ullmhúcháin leordhóthanach a áirithiú tríd an Meitheal um Ábhair Schengen. Tá an méid sin gan dochar don ról atá ag comhlachtaí eile na Comhairle, agus tá sé beartaithe ag an Meitheal an ról sin a chomhlánú seachas teacht ina ionad. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór trí shaincheist a shoiléiriú.

### a. Gníomhaíochtaí éagsúla na Meithle um Ábhair Schengen

Bíonn plé ag an Meitheal maidir le meastóireachtaí Schengen agus maidir le feidhmiú limistéar Schengen. Is gá idirdhealú níos fearr a dhéanamh idir na cruinnithe den Mheitheal a dhíríonn go príomha ar ábhar den sórt sin agus na cruinnithe sin a ullmhaíonn díospóireachtaí Chomhairle Schengen sa bhreis air sin.

Ar an gcaoi sin, ba cheart cineál an chruinnithe a shonrú sa chlár oibre, ionas go mbeidh ionadaíocht na mBallstát ailínithe le cineál, ábhar agus aidhm na míreanna ar an gclár oibre.

### b. Rannpháirtíocht Chomhordaitheoir Schengen sa Mheitheal um Ábhair Schengen

Tá ról Chomhordaitheoir Schengen thar a bheith tábhachtach agus baineann breisluach leis do rialachas Schengen. Ar an gcúis sin, ba cheart cuireadh a thabhairt dó freastal ar an Meitheal um Ábhair Schengen, go háirithe chun rannchuidiú leis na cruinnithe lena n-ullmhaítear Comhairle Schengen.



PUBLIC

Tabharfaidh sé sin deis do Chomhordaitheoir Schengen an Mheitheal a chur ar an eolas maidir lena chuid gníomhaíochtaí agus maidir lena thacaíocht d'iarrachtaí na mBallstát agus na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le *acquis* Schengen á gcur i bhfeidhm.

**c. Gnéithe do na cruinnithe den Mheitheal um Ábhair Schengen a ullmhaíonn Comhairle Schengen**

Chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar na tosaíochta sna cruinnithe sin, ba cheart don Mheitheal saincheisteanna agus gníomhartha a shainaithint a bheidh le plé ag na hairí, ar bhonn an méid seo a leanas:

1. Sonraí maidir le hArd-Bharaiméadar Schengen, a bheidh le roinnt ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 5 seachtaine roimh chruinnithe Chomhairle Schengen mhí Dheireadh Fómhair 2023, mhí na Nollag 2023 agus mhí an Mhárta 2024.
2. Tuarascáil 2024 ar staid Schengen, atá le roinnt ag an gCoimisiún faoi mhí Aibreáin 2024 ar a dhéanaí, chun ullmhúchán chruinniú Chomhairle Schengen i mí an Mheithimh 2024 a éascú.
3. Plé domhain a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na tosaíochtaí i gcoiste de chuid na Comhairle nó i meitheal earnálach, nuair is iomchuí.
4. Plé le Chomhordaitheoir Schengen ag an gcruinniú den Mheitheal um Ábhair Schengen.
5. Plé le gníomhaireachtaí an Aontais, de réir mar is ábhartha.
6. Nóta ón Uachtaránacht, nuair is ábhartha.

Roinnfear na gnéithe sin le toscaireachtaí luath go leor roimh ré le go mbeifear in ann cáilíocht na díospóireachta a áirithiú.

Cuirfear torthaí na Meithle um Ábhair Schengen a ullmhaíonn Comhairle Schengen, i gcomhordú iomchuí le comhlachtaí eile de chuid na Comhairle ag brath ar an ábhar, faoi bhráid Coreper mar chuid den phróiseas chun cruinnithe CGB/Comhairle Schengen a ullmhú.



PUBLIC

## II. <u>Tosaíochtaí *beartais* Chomhairle Schengen a chur i ngníomh — *plean oibre do thimthriall Chomhairle Schengen*</u>

Chun leibhéal iomchuí intuarthachta a áirithiú, is gá ní hamháin ról na Meithle um Ábhair Schengen a thuiscint go soiléir, ach féilire soiléir a bheith ann freisin do gach timthriall bliantúil. Ba cheart go dtiocfadh na hUachtaránachtaí lena mbaineann ar chomhaontú maidir leis an bhféilire sin. Ba cheart go n-áireofaí i ngach cruinniú de chuid Chomhairle Schengen ábhar nithiúil plé amháin nó níos mó arna sainaithin ag an Uachtaránacht, agus na tosaíochtaí a chomhaontaigh Comhairle Schengen i mí an Mheithimh á gcur san áireamh, chomh maith le cur i láthair uirlisí iomchuí Schengen ag an gCoimisiún.

D'ullmhaigh an Uachtaránacht, i gcomhar le hUachtaránacht inteachta na Beilge, an plean oibre seo chun sceideal a leagan amach le haghaidh na bpríomhthorthaí agus na bpríomhphróiseas do thimthriall Chomhairle Schengen 2023-2024. Cé go ndéanfar na huachtaránachtaí éagsúla na hábhair a bheidh le plé ag Comhairle Schengen a chinneadh, is é is cuspóir don phlean oibre pleanáil éifeachtach leordhóthanach a áirithiú maidir le díospóireachtaí Chomhairle Schengen agus toscaireachtaí a chumasú chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas.

**Cruinniú de Chomhairle Schengen, an 19 Deireadh Fómhair 2023**

- Béim ar ábha(i)r arna roghnú ag an Uachtaránacht agus ar sraith gníomhaíochtaí
- Cur i láthair *Baraiméadar Schengen* +
- An t-ullmhúchán: an 3 Deireadh Fómhair 2023: an Mheitheal um Ábhair Schengen

**Cruinniú de Chomhairle Schengen, an 5 Nollaig 2023**

- Béim ar ábha(i)r arna roghnú ag an Uachtaránacht agus ar sraith gníomhaíochtaí
- Cur i láthair *Baraiméadar Schengen* +
- An t-ullmhúchán: an 17 Samhain 2023: an Mheitheal um Ábhair Schengen

**Cruinniú de Chomhairle Schengen, mí an Mhárta 2024**

- Béim ar ábha(i)r arna roghnú ag an Uachtaránacht agus ar sraith gníomhaíochtaí
- Cur i láthair *Baraiméadar Schengen* +
- Dáileadh Scórchlár Schengen (clúdaigh dhonna)
- An t-ullmhúchán: an Mheitheal um Ábhair Schengen (dáta le cinneadh)



PUBLIC

**Cruinniú de Chomhairle Schengen, mí an Mheithimh 2024**

- Sainiú na dtosaíochtaí/réimsí le haghaidh spreagadh breise don chéad 12 mhí eile — faoi stiúir Uachtaránacht na Beilge i gcomhar le hUachtaránacht na hUngáire a bheidh ann amach anseo
- Cur i láthair Thuarascáil 2024 ar staid Schengen
- An t-ullmhúchán: an Mheitheal um Ábhair Schengen (dáta le cinneadh)

PUBLIC